2025/1573

31.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1573 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1483 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine, is allmhairí iad atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1483 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Lianzhong Stainless Steel Corporation, cód breise TARIC ([3]) C026, cuideachta atá faoi réir ráta dleachta frithdhumpála aonair 24,6 %, chuir sí an Coimisiún ar an eolas an 11 Iúil 2024 gur athraigh sí a hainm go Angang Lianzhong Stainless Steel Corporation.

(3) D'iarr an chuideachta ar an gCoimisiún a dheimhniú nach ndéanfaidh an t-athrú ainm aon difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta frithdhumpála aonair ab infheidhme maidir léi faoin ainm a bhí uirthi roimhe sin.

(4) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a soláthraíodh, agus ba é a chonclúid go raibh an t-athrú ar an ainm cláraithe i gceart leis na húdaráis ábhartha, agus nach raibh aon ghaol nua ann dá bharr le grúpaí eile cuideachtaí nach ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu.

(5) Dá réir sin, ní dhéanann an t-athrú ar an ainm difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1483 ón gCoimisiún, agus go háirithe don ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis.

(6) Ba cheart éifeacht a bheith leis an athrú ainm ón 11 Iúil 2024, an lá a comhdaíodh an iarraidh ar an athrú ainm atá i gceist leis an gCoimisiún (féach aithris 2).

(7) I bhfianaise a bhfuil sna haithrisí thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1483 a leasú chun ainm nua na cuideachta a léiriú, ainm ar sannadh cód breise TARIC C026 dó roimhe seo.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1483 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 327, 16.9.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1483/oj).

([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1483 mar a leanas:

‘Lianzhong Stainless Steel Corporation	C026’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

‘Angang Lianzhong Stainless Steel Corporation	C026’

2. Beidh feidhm ag cód breise TARIC C026 a sannadh do Lianzhong Stainless Steel Corporation roimhe seo maidir le Angang Lianzhong Stainless Steel Corporation ón 11 Iúil 2024. Aon dleacht chinntitheach a íocadh ar allmhairí táirgí arna monarú ag Angang Lianzhong Stainless Steel Corporation de bhreis ar an dleacht frithdhumpála a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1483 a mhéid a bhaineann le Lianzhong Stainless Steel Corporation, is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN